# AN GARDA SÍOCHÁNA
# PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008




## RÉ NUA

# FÍS

***'Daoine den scoth ag seachadadh seirbhís póilíneachta den scoth'***



# BUNCHUSPÓIR

***An leibhéal so-aimsithe is airde a bhaint amach i gCosaint Phearsanta, Tiomantas Poiblí agus Slándáil Stáit***

# LUACHANNA

- ***Meas a bheith againn ar dhaoine agus ar a riachtanais***
- ***Cosaint do chearta an duine***
- ***Seirbhís phoiblí chúirtéiseach agus cásmhar a sholáthar***
- ***Comhpháirtíocht a choinneáil ar siúl leis an bpobal***
- ***Freagracht indibhidiúil a ghlacadh***
- ***Cuntasacht thrédhearcach phoiblí a chinntiú***
- ***Ceannaireacht eiticiúil a sholáthar***
- ***Gairmiúlachas faoi smacht a chleachtadh***
- ***A bheith macánta, fírinneach agus cloí le prionsabail an chothroime agus an chirt***
- ***Gach cineál éagsúlachta a chur chun cinn agus a ghlacadh***
- ***A bheith de shíor ag foghlaim agus ag glacadh go fonnmhar le hathruithe***

## RÉAMHRÁ



Cuid de chur chun feidhme Straitéis Chorparáideach an Gharda Síochána 2007-2009 is ea Plean Póilíneachta Bhliantúil 2008. Leanann an plean ar aghaidh le nuachóiriú agus forbairt an Gharda Síochána. Tá sé dírithe ar shábháilteacht an phobail, muinín an phobail agus ar chuntasacht thrédhearcach phoiblí, arb iad sin trí phríomhriachtanas na straitéise corparáidí. San áireamh chomh maith tá tosaíochtaí an Gharda Síochána mar a chinn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí iad faoi Alt 20 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Léiríonn na spriocanna straitéiseacha sa phlean seo a dhiongbháilte is atáimid faoi aghaidh éifeachtach a thabhairt ar na príomhdhúshláin phóilíneachta de Shlándáil Stáit, Cosc agus Laghdú Coireachta, Sábháilteacht na mBóithre agus Ord Poiblí. San áireamh sa phlean tá riachtanais straitéiseacha a chomhlíonadh chun eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána agus chun a chinntiú go mbeidh seirbhís póilíneachta éifeachtach ag muintir na hÉireann. Tugann an plean éifeacht do mhórchuid moltaí a rinne grúpaí éagsúla atá ag cur comhairle orm maidir le cúrsaí bainistíochta, ceannaireachta agus éifeachtacht riaracháin agus oibriúcháin.

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh an Gharda Síochána, cinnteoidh mé go mbeidh an tseirbhís éifeachtach agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead. Cuirim fáilte roimh leathnú an Gharda Síochána lena n-áirítear Cúltaca an Gharda agus foireann tacaíochta shibhialtach lena n-áirítear na daoine sin a tháinig chugainn ó phobail éagsúla eiticeacha agus cultúrtha. Tá gealltanas i bplean na bliana seo go méadóimid ár mballraíocht ó phobail éagsúla eitneacha agus cultúrtha. Cuirim fáilte roimh cheapadh an Phríomhoifigigh Riaracháin nua agus táim ag tnúth le hearcú breis foirne sibhialtaí ag leibhéal sinsearach.

Tá moltaí sa phlean maidir le teorainneacha Réigiúnacha, Rannacha, Ceantair agus Fo-cheantair a athailíniú chun iad a dhéanamh comhtheorannach leis na hudaráis áitiúla. Éascóidh sé sin bhunú agus oibriú na gComhchoistí Póilíneachta de réir fhorálacha Acht an Gharda Síochána 2005.

Táim tiománta do chinntiú gur seirbhís póilíneachta ghairmiúil, dea-threoraithe agus dea-bhainistithe é an Garda Síochana, préamhaithe i bprionsabail chearta an duine agus tiománta do bheith bainteach go fírinneach leis an bpobal, Coimisiún Fhear an Phobail an Gharda Síochána, Cigireacht an Gharda Síochána agus na gComhchoistí Póilíneachta chun sochair mhuintir uile na hÉireann.

M.F. Ó Murchú
Coimisinéir an Gharda Síochána

## Tosaíochtaí an Gharda Síochána 2008 arna chinneadh ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi Alt 20 d'Achtanna an Gharda Síochána 2005 go 2007

### Coireacht ghunnaí, coireacht eagraithe agus drugaí

1. Díriú ar choireacht gunnaí, ar choireacht eagraithe agus ar gháinneáil ar dhrugaí, go háirithe trí

- úsáid, ach go háirithe, aonad speisialaithe agus oibríochtaí spriocaimsithe mar Oibríocht Anvil
- phróifíliú, bhailiú faisnéise agus measúnuithe ar bhagairtí i dtaca le daoine aonair/grúpaí atá bainteach leis na catagóirí coireachta seo
- dhéanamh de réir ghníomhartha agus spriocanna feidhmíochta an Gharda a leagadh amach sa Stráitéis Náisiúnta Drugaí.
- ghníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla chun fáltais choireacha a aisghabháil, lena n-áirítear socruithe feabhsaithe idirchaidrimh idir Ranna den Gharda agus an Biúró, fáltais daoine atá bainteach le mangaireacht drugaí ag leibhéal ar bith
- ghníomhaíochtaí bhreisithe de chuid na nAonad Drugaí agus an Fhórsa ag díriú, ach go háirithe, ar áiteanna ar fud na tíre mar a bhféadfadh mangaireacht drugaí agus úsáid drugaí mídhleathacha a bheith ar siúl.

### Sceimhlitheoireacht

2. Leanúint de bheith ag comhrac gníomhaíochtaí sceimhlitheora, go háirithe an bhagairt ó ghrúpaí paramíleata easaontacha agus daoine a d'úsáidfeadh Éire mar bhonn don sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta.

### Forfheidhmiú na ndlíthe tráchta

3. Na spriocanna a bhunófar sa Stráitéis nua Sábháilteacht Bhóithre a chomhlíonadh – tabharfar tosaíocht do gach iarracht sa mhéid seo a dhéanann an Garda Síochána ar bhonn measúnuithe riosca i dtéarmaí shábháilteacht na mbóithre.
4. Cuidiú, i gcomhar leis na húdaráis eile atá freagrach, chun brú na tráchta a mhaolú.

### Ord poiblí

5. Dul i ngleic, go háirithe i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus leis an bpobal i gcoitinne, le fadhbanna mí-oird phoiblí le béim ar leith ar iompraíocht a bhaineann le halcól (lena n-áirítear ólachán faoi aois) agus pobail faoi mhíbhuntáiste shóisialta go háirithe trí mheicníochtaí dlí atá á gcur ar fáil a úsáid, is iad sin, ASBOs (Orduithe um Iompar Frithshóisialta) agus rabhaidh iompair, orduithe dúnta agus fógraí muirear seasta.

### Comhchoistí póilíneachta

6. A bheith rannpháirteach go hiomlán i roll amach na gComhchoistí Póilíneachta i ngach limistéar údaráis áitiúil, a thabharfadh freagracht níos fearr ar riachtanais áitiúla phóilíneachta agus a chruthódh comhpháirtíochtaí áitiúla chun fadhbanna a réiteach.





### Imlonnú

7. Cionmhaireacht na nGardaí ar dhiúité oibriucháin a mhéadú, lena n-áirítear trí thacaíocht mhéadaithe ó shibhialtaigh.
8. Méadú a dhéanamh ar líon na bpatról ard-infheictheachta, lena n-áirítear níos mó feithiclí marcáilte, nasctha le forbairt Cairt Gharda i 2008 a leagfaidh amach alaí freagartha spriocaimsithe agus leibhéil seirbhíse, lena n-áirítear minicíocht patról ard-infheictheachta.
9. Ba cheart go bhféachfadh imlonnú méadaithe go sonrach do riachtanais phóilíneachta cheantair RAPID.

### Acmhainní

10. Stréiséisí athraithe agus nua-chóirithe a fhorbairt agus tús a chur lena gcur chun feidhme i réimsí na ndaonacmhainní, na teicneolaíochta eolais agus cumarsáide, na cóiríochta agus an iompair a dhéanfaidh soláthar do riachtanais an Fhórsa go ceann cúig bliana agus ina dhiaidh.
11. Leanúint de bheith ag cur earcú comhaltaí lánaimseartha agus comhaltaí de Chúltaca an Gharda chun cinn de réir an Chláir Rialtais, agus go háirithe ó phobail de mhionlaigh eitneacha chun go dtabharfaidh an Garda Síochána léiriú níos fearr ar éagsúlacht shochaí na hÉireann.

### Cosc agus laghdú na coireachta

12. An scéim idirchaidrimh d'ógchiontóirí a leathnú amach chun freastal do riachtanais atá ag teacht chun cinn sa réimse seo.
13. Leanúint de bheith ag leathnú amach Tionscadail Athstiúrtha an Gharda d'Ógchiontóirí.
14. Monatóireacht a dhéanamh ar chiontóirí gnéis cláraithe agus comhoibriú go háirithe le Seirbhís póilíneachta Thuaisceart na hÉireann agus fórsa póilíní na Ríochta Aontaithe chun an baol ó athchiontú a laghdú, rud a chuirfeadh le sábháilteacht an phobail.
15. Tógáil ar thionscnaimh a dhéanann comhrac in aghaidh coireanna hómafóbacha agus ciníocha.
16. Comhoibriú le COSC chun fadhb an fhoiréigin teaghlaigh a mhaolú.
17. Céimeanna éifeachtacha a thógáil chun cosaint a thabhairt do dhaoine leochaileacha atá ina gcónaí i gceantair iargúlta.
18. Díriú ar úsáid sceana in ionsaithe foréigneacha.
19. Díriú ar choireacht bhóna bháin ard-luacha, go háirithe trádáil in earraí contrabhanna.

### Inimirce mhídhleathach

20. Na hacmhainní riachtanacha a imlonnú le dul i ngleic go héifeachtach le inimirce mhídhleathach.

### Gáinneáil ar dhaoine

21. Na hacmhainní riachtanacha a imlonnú, lena n-áirítear comhar idirnáisiúnta le gníomhaireachtaí eile, chun déileáil le fadhb na gáinneála ar dhaoine.

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

## SPRIOC STRAITÉISEACH A HAON – SLÁNDÁIL NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

*Slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta a choinneáil*

| Beart | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama | | | | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | R1 | R2 | R3 | R4 | | |
| Bagairtí ar an tslándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta a aithint agus a anailísiú | • 100% de bhagairtí aitheanta, measúnaithe, catagóirithe agus taifeadta | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta, Coireacht agus Slándáil | **Gach bagairt ar shlándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta an Stáit cuimsithe chun daonlathas slán a chinntiú** |
| | • 100% de ghrúpaí agus daoine aitheanta próifílithe | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Réigiúnach Cúnta | |
| Freagraí a thionscnamh ar bhagairtí aitheanta | • 100% d'oibriúcháin tionscanta in aghaidh spriocanna aitheanta | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta, Coireacht agus Slándáil | |
| | • Líon na ndaoine a gabhadh agus a ionchúisíodh as cionta sceimhlitheora/ceannairceacha | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Cur le cumas an Gharda coinne a bheith le bagairti náisiúnta agus idirnáisiúnta agus freagairt réamhghníomhach a thabhairt orthu | • Plean Slándála um Bhonneagar Ríthábhachtach Náisiúnta forbartha | | √ | | | Coimisinéir Cúnta, Coireacht agus Slándáil<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Gnóthú 100% i dtaca le hanailís riachtanas de riachtanais oiliúna frithsceimhlitheora an Gharda | | √ | | | | |
| | • Rannpháirtíocht 100% i gclár oiliúna aitheanta agus faofa um shlándáil idirnáisiúnta | √ | √ | √ | √ | | |
| | • 100% de mhórphleananna éigeandála athbhreithnithe agus leasaithe | | √ | | | | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

# SPRIOC STRAITÉISEACH A DÓ – COIREACHT

***Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhinicíocht coireanna agus na hiompraíochta coiriúla***

| Beart | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama R 1 | R 2 | R 3 | R 4 | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Straitéis Náisiúnta um Laghdú agus Chosc Coireachta a bheith tugtha chun críche agus curtha chun feidhme | • An straitéis tugtha chun críche | | | √ | | Coimisinéir Cúnta Straitéis<br>Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | |
| | • Tús curtha le cur chun feidhme náisiúnta | | | | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Cur le hacmhainn fóiréinseach agus imscrúdaithe an Gharda Síochána | • Meastóireacht ar threoirscéim Láithreacha Coire i ngach réigiún tugtha chun críche | | | | √ | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | |
| | • Oiliúint chreidiúnaithe i Láithreacha Coire forbartha i ngach Roinn | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Laghdú de 2% sa choireacht iomlán** |
| | • Seimineár Fóiréinseach Réigiúnach tugtha chun críche (ceann i ngach réigiún) | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | |
| | • Fóram Comhairleach um Sheirbhís Fhóiréinseach tugtha chun críche | | | √ | | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Ullmhúcháin déanta do bhunú Bhunachar Sonraí DNA | | √ | | | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | |
| | • Foireann Imscrúdaithe Láithreacha Coire curtha ar bun i ngach Roinn Garda. | | | √ | | | |
| | • Méadú 5% ar líon na mbraiteachán mar thoradh ar scrúdú agus aithint fhóiréinseach | √ | √ | √ | √ | | **Ráta braiteach áin méadaithe de 2%** |
| Díriú go réamhghníomhach ar ghrúpaí agus daoine atá bainteach le coireacht ghunnaí | • Oiliúint bheartaíochta curtha ar fáil do gach pearsanra arm tine deimhnithe agus údaraithe | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna | |
| | • Aonaid Fhreagartha Arm Tine Dara Sraithe bunaithe agus imlonnaithe | | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Coireacht agus Slándáil | |
| | • Méadú 5% i bpatróil chosc arm tine faoi Oibríocht Anvil | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

## SPRIOC STRAITÉISEACH A DÓ – COIREACHT

*Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhinicíocht coireanna agus na hiompraíochta coiriúla*

| Beart | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama R 1 | R 2 | R 3 | R 4 | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leanúint de oibríochtaí faisnéis-threoraithe agus iad a mhéadú in aghaidh grúpaí agus daoine atá baineach le gáinneáil ar dhrugaí mídhleathacha, gunnaí agus inimircigh isteach sa agus laistigh den Stát | • Méadú 5% in oibríochtaí faisnéis-threoraithe in aghaidh líonraí gáinneáil ar dhrugaí, gunnaí agus daoine | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | **Laghdú de 2% sa choireacht iomlán** |
| | • Méadú 5% in oibríochtaí faisnéis-threoraithe in aghaidh mangairí drugaí ar na sráideanna | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta, Coireacht agus Slándáil | |
| | • Ranna ábhartha den Straitéis Náisiúnta Drugaí curtha chun feidhme | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Cur le hacmhainneacht imscrúdaithe an Gharda Síochána maidir le coireacht thromchúiseach | • Imlonnú náisiúnta de chúigear oifigeach sinsearach déag déanta | | √ | | | Leas-Choimisinéir Oibríochtaí | |
| | • Suít de nósanna imeachta oibriúcháin chaighdeánaithe den scoth le haghaidh imscrúdú coireanna tromchúiseacha forbartha agus imlonnaithe | | | √ | | An Leas-Choimisinéir, Straitéis agus Bainistiú ar Athrú | |
| Cumas an Gharda Síochána chun faisnéis a bhailiú agus a bhainistiú a uasmhéadú chun díriú ar choireacht, í a chosc agus a réiteach | • Méadú 10% i líon na bhfoinsí cláraithe faisnéise | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | **Ráta braiteach áin méadaithe de 2%** |
| | • Méadú 10% ar líon na dtuairiscí faisnéise a fuarthas | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta, Coireacht agus Slándáil | |
| | • Tionóladh ceithre fhóram um Fhaisnéis Choiriúil in aghaidh an Réigiúin | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Méadú 20% ar líon na bPróifileoirí Rannáin um Shócmhainní Coiriúla oilte | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Acmhainneacht náisiúnta agus réigiúnach um anailís choireanna a fhorbairt | • Ionad Anailíse bunaithe ag Ceannáras an Gharda | √ | | | | Coimisinéir Cúnta, Coireacht agus Slándáil | |
| | • Seirbhísí anailíseacha bunaithe chun tacú leis na Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta agus an Cheanncheathrú | | √ | | | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Seirbhísí anailíseacha bunaithe chun tacú leis na Réigiúin | | | √ | | | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

## SPRIOC STRAITÉISEACH A DÓ – COIREACHT

*Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhinicíocht coireanna agus na hiompraíochta coiriúla*

| Beart | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama R 1 | R 2 | R 3 | R 4 | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Díriú go réamhghníomhach ar choireanna ardmhinicíochta agus ardtionchair lena n-áirítear foréigean teaghlaigh agus coireacht ghnéasach | • Laghdú 2% i gcoireanna ardmhinicíochta | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta<br><br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Laghdú de 2% sa choireacht iomlán** |
| | • Úsáid bainte as oifigigh shinsearacha imscrúdaithe chun coireanna ard-tionchair a imscrúdú | | √ | √ | √ | | |
| | • Oifigeach ón Aonad Imscrúdaithe Foréigin Teaghlaigh agus Ionsaí Ghnéasach (DVSAIU) ceaptha mar theagmháil le COSC – an Oifig Náisiúnta le haghaidh Cosc Foréigin Teaghlaigh, Foréigin Ghnéasach agus Foréigin bunaithe ar inscne. | √ | | | | | |
| | • Cruinnithe ráithiúla idir lucht bainistíochta DVSAIU agus lucht bainistíochta COSC chun feabhas a chur ar sheirbhísí a sholáthraítear d'íospartaigh foréigin teaghlaigh agus coireanna gnéasacha | √ | √ | √ | √ | | |
| An baol ó chiontóirí gnéasacha a bhainistiú | • Monatóireacht a dhéanamh ar chiontóirí gnéasacha chun a ngéilliúlacht do théarmaí Acht na gCiontóirí Gnéasacha 2001 a chinntiú | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach<br><br>Coimisinéir Cúnta Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta | **Ráta braiteach áin méadaithe de 2%** |
| | • Úsáid a bhaint as Gardaí pobail chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht ciontóirí gnéasacha | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Monatóireacht a dhéanamh, i gcomhar le fórsaí póilíneachta seachtracha, ar theacht chiontóirí gnéasacha ard-phriacail isteach sa Stát | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Idirchaidreamh a dhéanamh le Soláthraithe Seirbhíse Idirlín chun straitéisí laghdaithe a fhorbairt maidir le hinfhaighteacht pórnagrafaíocht leanaí ar an Idirlíon | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Comhdháil leis an tSeirbhís romhaidh agus Leasa agus le fórsaí póilíní seachtracha | √ | | | | | |
| | • Seimineár le haghaidh cigirí chun iad a chur ar an eolas maidir le hathruithe reachtúla | | √ | | √ | | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

# SPRIOC STRAITÉISEACH A TRÍ - TRÁCHT

*Minicíocht imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha a laghdú agus sreabhadh na tráchta a fheabhsú*

| Beart | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama R 1 | R 2 | R 3 | R 4 | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Forfheidhmiú spriocaimsithe de reachtaíocht tráchta agus iompair bhóthair | • Méadú 10% i mbraiteacháin as tiomáint faoi thionchar alcóil, ró-luas agus cionta iompair bhóthair bainte amach | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Trácht<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Bóithre níos sábháilte in Éirinn** |
| | • Méadú 5% i mbraiteachán as gan crios sábhála a chaitheamh | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Laghdú 5% in imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha bainte amach | √ | √ | √ | √ | | |
| Oibríochtaí faisnéis-threoraithe dírithe ar thiománaithe óga ciontacha | • Laghdú 10% in imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha i measc tiománaithe san aoisghrúpa 17-26 | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Trácht<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Cur leis an gcumas eagraíochtúil i bPóilíniú Tráchta | • Líon an Chór Tráchta méadaithe go 1,200 | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Trácht<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Oiliúint sainróil curtha ar fáil don phearsanra ceaptha ar fad | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Feithiclí leithdháilte ar an gCór Tráchta de réir na samhla iompair phleanáilte | √ | √ | √ | √ | | |
| Teicneolaíocht uathaithe a úsáid chun cur le hoibríochtaí tráchta | • Athbhreithniú 100% ar Chriosanna Coitianta Imbhuailtí atá ann faoi láthair bainte amach agus scaipthe ag Biúró Náisiúnta Tráchta an Gharda | √ | | | | Coimisinéir Cúnta Trácht<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Foinsiú allamuigh soláthar agus oibriú Cheamaraí Sábháilte bainistithe | | | √ | | | |
| | • Cás gnó forbartha le haghaidh Uathaitheantas Uimhreacha Clárúcháin/córais mhonatóireacht luais suiteáilte i 100 feithicle de chuid an Gharda | √ | | | | | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

## SPRIOC STRAITÉISEACH A TRÍ - TRÁCHT

*Minicíocht imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha a laghdú agus sreabhadh na tráchta a fheabhsú*

| Beart | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama R 1 | R 2 | R 3 | R 4 | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sábháilteacht na mbóithre a chur chun cinn | • Clár Cumarsáide um Fheasacht ar Shábháilteacht Bhóithre an Gharda tugtha chun críche agus curtha chun feidhme | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Trácht<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Bóithre níos sábháilte in Éirinn** |
| | • Méadú 10% in eolas um Chothú Shábháilteacht Bóithre bainte amach i scoileanna agus i gcoláistí | √ | √ | √ | √ | | |
| Dul i ngleic leis an Údarás um Shábháilteacht Bóithre agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun an Straitéis Shábháilteacht Bóithre a chur chun feidhme | • Líon na dtionscnamh shábháilteacht bóithre tugtha chun críche i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht Bóithre | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Trácht | |
| | • Líon na dtionscnamh bainistíochta tráchta tugtha chun críche i gcomhar le páirtithe leasmhara eile | √ | √ | √ | √ | | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

# SPRIOC STRAITÉISEACH A CEATHAIR – ORD POIBLÍ

*Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhinicíocht neamhoird phoiblí agus na hiompraíochta frithshóisialta inár bpobail*

| Beart | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama | | | | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | R1 | R2 | R3 | R4 | | |
| Díriú go réamhghníomhach ar ghrúpaí agus daoine atá bainteach le hiompraíocht fhrithshóisialta | • Méadú 10% ar líon na bPatról Ord Poiblí spriocaimsithe bainte amach | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | 'Braistint de shábháilteacht phoiblí' a mheadú de 10% |
| | • Méadú 15% i lion na ngabhálacha le haghaidh teagmhas neamhoird phoiblí bainte amach | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Líon na Rabhadh Iompair eisithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil 2006 | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Líon na gConarthaí Dea-Iompair eisithe | √ | √ | √ | √ | | |
| Láithreacha achrainn le hord poiblí agus iompraíocht fhrithshóisialta a aithint agus a spriocaimsiú i gcomhar le grupaí pobail agus reachtúla agus ionadaithe tofa trí athbhreithniú seachtainiúil, agus gníomhartha agus pleananna freagracha a chur chun feidhme | • 100% de láithreacha achrainn le hord poiblí spriocaimsithe trí phleananna sonracha oibriúcháin | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Laghdú 5% i dteagmhais neamhoird phoiblí | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Feachtas margaíochta dírithe ar iompar sceana mar shárú ar an Acht um Arm Tine agus Arm Ionsaitheach 1990 tugtha chun críche | | √ | | | | |
| | • Líon na ndaoine a ionchúisíodh faoin Acht um Airm Tine agus Airm Ionsaitheach 1990 | √ | √ | √ | √ | | |
| An dlí maidir le halcól agus le hiompraíocht fhrithshóisialta bainteach le drugaí a fhorfheidhmiú | • Laghdú 5% i dteagmhais de ionsaithe agus damáiste coiriúil | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

## SPRIOC STRAITÉISEACH A CEATHAIR – ORD POIBLÍ

***Laghdú suntasach a dhéanamh ar mhinicíocht neamhoird phoiblí agus na hiompraíochta frithshóisialta inár bpobail***

| Beart | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama | | | | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | R1 | R2 | R3 | R4 | | |
| Úsáid na gcóras teilifíse ciorcad iata a uasmhéadú | • Líon an gCóras Teilifíse Ciorcad Iata coimisiúnaithe | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **'Braistint de shábháilteacht phoiblí' a mheadú de 10%** |
| | • 10% de láithreacha breise aitheanta le haghaidh scéimeanna teilifíse ciorcad iata de chuid an Gharda | √ | √ | √ | √ | | |
| Anailís a dhéanamh ar thorthaí an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2007 chun tionscnaimh a cheapadh chun dul i gceanna fadhbanna maidir le 'braistintí sábháilteachta' | • Straitéis forbartha agus curtha chun feidhme chun dul i gceann | | √ | | | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |

 PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

**SPRIOC STRAITÉISEACH A CÚIG – ÉAGSÚLACHT EITNEACH AGUS CHULTÚRTHA**

***Comhchosaint agus seirbhís chuí a sholáthar agus meas agus iontaoibh frithpháirteach a chothú ag an am céánna***

| Bearta | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama R 1 | R 2 | R 3 | R 4 | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Straitéis Éagsúlachta Garda a fhorbairt | • Straitéis Éagsúlachta Garda forbartha agus curtha chun feidhme | √ | | | | Coimisinéir Cúnta Bainistíocht Acmhainní Daonna<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Méadú 2% i muinín an phobail** |
| A chinntiú gur eagraíocht í an Garda Síochána atá ionadach don phobal a bhfónann sé dó | • Dhá cheann d'fheachtais mhargaíochta dírithe ar earcú ó ghrúpaí eitneacha mionlaigh tugtha chun críche | √ | | √ | | Coimisinéir Cúnta Bainistíocht Acmhainní Daonna | |
| | • Cúig faoin gcéad d'iontrálaithe nua sa Gharda Síochána ó phobail eitneacha mionlaigh bainte amach (lánaimseartha/cúltaca/foireann tacaíochta sibhialtach) | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Éifeachtacht Oifig Chiníoch agus Idirchultúrtha an Gharda a mheas agus cur lena acmhainneacht | • Meastóireacht tugtha chun críche agus moltaí curtha chun feidhme | √ | | | | Coimisinéir Cúnta Straitéis | |
| Cineálacha éifeachtacha cur chuige a fhorbairt le haghaidh grúpaí agus pobail mionlaigh agus imeallaithe | • Treoirlínte maidir le seirbhís póilíneachta a sholáthar do ghrúpa mionlaigh ar leith forbartha agus curtha chun feidhme | √ | | | | Coimisinéir Cúnta Straitéis<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| Cur le seirbhísí eitneacha agus cultúrtha an Gharda Síochána | • 100% de Ghardaí Pobail oilte mar Oifigigh Theagmhála Eitneach | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Bainistíocht Acmhainní Daonna<br>Coimisinéir Cúnta Straitéis<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |

 

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

## SPRIOC STRAITÉISEACH A SÉ – COMHPHÁIRTEACHAS POBAIL

*To build a Garda service that reflects the needs and priorities of the people of Ireland*

| Bearta | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama R 1 | R 2 | R 3 | R 4 | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Samhail Náisiúnta Phóilíneachta Tuaithe agus Uirbach an Gharda Síochána a fhorbairt agus a chur chun feidhme | • Forbairt Samhail Náisiúnta Phóilíneachta Pobail Tuaithe agus Uirbeach tugtha chun críche | √ | | | | Coimisinéir Cúnta Straitéis<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Seirbhís Garda a léiríonn riachtanais agus tosaíochta mhuintir na hÉireann** |
| | • Cur chun feidhme Samhail Náisiúnta Phóilíneachta Pobail Tuaithe agus Uirbeach tugtha chun críche | | √ | √ | √ | | |
| Beartas maidir le scéimeanna Faire Comharsanachta/Pobal ar Aire curtha chun feidhme | • Coiste Faire Comharsanachta/Pobal ar Aire curtha ar bun i ngach Roinn Garda | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta Straitéis<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Coiste Faire Comharsanachta/Pobal ar Aire curtha ar bun i ngach Ceantar Garda | √ | √ | √ | √ | | |
| | • 100% de scéimeanna Faire Comharsanachta/Pobal ar Aire a bhí ann go dtí seo athbhreithnithe | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Gach ceista aithníodh in athbhreithnithe le bheith dírithe air i bpleananna póilíneachta Roinne agus Ceantair | √ | √ | √ | √ | | |
| Straitéis Ógra an Gharda a fhorfheidhmiú chun seirbhísí oiriúnacha a bhrostú do pháistí agus do dhaoine óga de réir na Straitéise Náisiúnta Ceartais don Ógra | • Seachtar Oifigeach Idirchaidrimh d'Ógchiontóirí ceaptha | √ | √ | √ | | Coimisinéir Cúnta Straitéis | |
| | • Láithreacha oiriúnacha aitheanta chun Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda a fhorbairt iontu i gcomhar le Seirbhís Cheartais na hÉireann don Óige | | √ | √ | √ | | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

## SPRIOC STRAITÉISEACH A SÉ – COMHPHÁIRTEACHAS POBAIL

*To build a Garda service that reflects the needs and priorities of the people of Ireland*

| Bearta | Táscaire Feidhmíochta | Spriocthréimhse Ama | | | | Úinéir an Phróisis | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | R 1 | R 2 | R 3 | R 4 | | |
| Acmhainneacht an Gharda maidir le soláthar seirbhís a bhaineann le híospartaigh a neartú agus a úsáid | • Fógra curtha chuig 100% d'íospartaigh choireanna le sonraí teagmhála na nGardaí imscrúdaithe agus nuair is cuí infhaighteacht seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | **Seirbhís Garda a léiríonn riachtanais agus tosaíochta mhuintir na hÉireann** |
| | • Beirt Oifigeach Idirchaidrimh Teaghlaigh oilte ceaptha i ngach Ceantar Garda | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Úsáid 100% de sheirbhísí Oifigeach Idirchaidrimh Teaghlaigh in imscrúdú básanna agus i ngach imscrúdú eile mar a mheasann Oifigeach Ceantair a bheith cuí | √ | √ | √ | √ | | |
| A bheith bainteach go hiomlán i gCoistí Póilíneachta agus fóraim phóilíneachta áitiúla | • Príomhcheannfoirt nó Ceannfoirt ceaptha ar gach Comhchoiste Póilíneachta mar is cuí | √ | √ | √ | √ | Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Moltaí ó Chomhchoistí Póilíneachta mar bhonn eolais faoi gach pleananna Rannacha agus Ceantair mar is cuí | √ | √ | √ | √ | | |
| Tionscadal Ard-Infheictheachta an Gharda a chur chun feidhme | • Méadú 10% bainte amach in sofheictheacht mar a tomhasadh sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2008 | | | √ | | Coimisinéir Cúnta Straitéis<br>Gach Coimisinéir Cúnta Réigiúnach | |
| | • Ceithre cinn de phatróil ard-infheictheachta tugtha chun críche in aghaidh na míosa ag bainistíocht shinsearach an Gharda | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Méadú 10% i líon na bhfeithiclí marcáilte i bhflít an Gharda | √ | √ | √ | √ | | |
| | • Méadú 10% i líon na bpatról ard-infheictheachta i gceantair RAPID | √ | √ | √ | √ | | |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

# RIACHTANAIS STRAITÉISEACHA

| *Riachtanas Straitéiseach* | *Tionscadal Bhainistiú ar Athrú* | *Tréimhse Ama* | *Úinéireacht* |
|---|---|---|---|
| Acmhainneacht bainistiú oibríochtaí an Gharda Síochána a fhorbairt | Bosca Uirlisí/Mála Cáipéisí an Imscrúdaitheora<br>Acmhainneacht Anailís Ghnó agus Coireachta a Fhorbairt | Treoirscéim i láithreacha roghnaithe – R1<br>Roll amach náisiúnta – R3<br>Tacaíocht anailíseach do gach réigiún – R3 | Coimisinéir Cúnta<br>Coireacht agus Slándáil |
| Eagraíocht den scoth a dhéanamh den Gharda Síochána | Clár Bhainistiú Rioscaí agus Maitrís a Fhorbairt<br>Riachtanais eagraíochtúla a aithint agus a dhoiciméadú le haghaidh 'Tairseach PULSE' | Tionscadal tugtha chun críche – R4<br>Lánchur chun feidhme – R4 | Coimisinéir Cúnta<br>Réigiún an Oirdheiscirt |
| Baill foirne a earcú, a oiliúint, a fhorbairt agus a inspreagadh | Athbhreithniú ar Chlár Oiliúna Promhaidh/Oiliúnaithe<br>Straitéis Acmhainní Daonna 2008–2009 | Athbhreithniú tugtha chun críche – R3<br>Anailís SWOT agus próiseas tionscanta an tionscadail tugtha chun críche – R1 | Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna |
| Cultúr an Gharda Síochána a athnuachan agus a athbheochan | Straitéis Ard-Infheictheachta agus Plean Chur Chun Feidhme<br>Measúnú ar chultúr na heagraíochta agus idirghabhálacha cuí | Tionscadal tugtha chun críche – R1<br>Tionscadal tugtha chun críche – R2 | Coimisinéir Cúnta Straitéis |
| A chinntiú gur eagraíocht dea-threoraithe agus dea-bhainistithe é an Garda Síochána | Tuarascáil Mheastóireachta ar Chlár Ceannaireachta Feidhmiúcháin an Gharda<br>Cód Eitice | Tionscadal tugtha chun críche – R1<br>Tionscadal tugtha chun críche – R2 | Coimisinéir Cúnta Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| Samhail den scoth de chaidreamh le custaiméirí a fhorbairt sa Gharda Síochána | Samhail de chaidreamh le custaiméirí a athnuachan agus a chur chun feidhme | Tionscadal tugtha chun críche – R2 | Coimisinéir Cúnta<br>Réigiún an Iarthair |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

## Athruithe Teorann

Tá beartaithe ag an gCoimisinéir athruithe a dhéanamh ar theorainneacha Réigiúnacha, Rannacha, Ceantair agus Fo-cheantair chun limistéir thíreolaíocha a athailíniú le teorainneacha na n-údarás áitiúil. Ginfidh sé sin éifeachtachtaí níos mó maidir le Comhchoistí Póilíneachta a bhunú agus a oibriú de réir fhorálacha Alt 22(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005:

| Teorainneacha Réigiúnacha agus Rannacha mar atá | | Teorainneacha Réigiúnacha agus Rannacha Beartaithe | |
|---|---|---|---|
| **Réigiún an Oirthir** | **Ceanncáras Réigiúnach** | **Réigiún an Oirthir** | **Ceanncáras Réigiúnach** |
| | An Muileann gCearr | | An Muileann gCearr |
| **Roinn** | **Ceanncáras Rannach** | **Roinn** | **Ceanncáras Rannach** |
| Lú/An Mhí | Droichead Átha | An Mhí<br>*(Roinn Nua)* | An Uaimh<br>*(Ceanncáras Rannach nua)* |
| Ceatharlach/Cill Dara | An Nás | Cill Dara<br>*(Roinn Nua)* | An Nás<br>*(Ceanncáras Rannach mar atá)* |
| Laois/Uíbh Fhailí | Port Laoise | Laois/Uíbh Fhailí | Port Laoise |
| An Longfort /An Iarmhí | An Muileann gCearr | An Iarmhí *(Roinn Nua)* | An Muileann gCearr*(Ceanncáras Rannach mar atá)* |
| | | Cill Mhantáin<br>*(Roinn Nua)* | Bré<br>*(Ceanncáras Rannach nua)* |
| | | | |
| **Réigiún an Tuaiscirt** | **Ceanncáras Réigiúnach** | **Réigiún an Tuaiscirt** | **Ceanncáras Réigiúnach** |
| | Sligeach | | Cabhán<br>*(Ceanncáras Réigiúnach nua)* |
| **Roinn** | **Ceanncáras Rannach** | **Roinn** | **Ceanncáras Rannach** |
| Sligeach/Liatroim | Sligeach | Sligeach/Liatroim | Sligeach |
| Dún na nGall | Leitir Ceanainn | Dún na nGall | Leitir Ceanainn |
| An Cabhán/Muineachán | Muineachán | Cabhán/Muineachán | Muineachán |
| | | Lú *(Roinn Nua)* | Droichead Átha<br>*(Ceanncáras Rannach mar atá)* |
| | | | |
| **Réigiún an Iarthair** | **Ceanncáras Réigiúnach** | **Réigiún an Iarthair** | **Ceanncáras Réigiúnach** |
| | Cathair na Gaillimhe | | Cathair na Gaillimhe |
| **Roinn** | **Ceanncáras Rannach** | **Roinn** | **Ceanncáras Rannach** |
| Gaillimh Thiar | Cathair na Gaillimhe | Gaillimh *(Roinn Nua)* | Cathair na Gaillimhe*(Ceanncáras Rannach mar atá)* |
| Ros Comáin/Gaillimh Thoir | Ros Comáin | Ros Comáin / Longfort *(Roinn Nua)* | Ros Comáin*(Ceanncáras Rannach mar atá)* |
| Maigh Eo | Caisleán an Bharraigh | Maigh Eo | Caisleán an Bharraigh |
| An Clár | Inis | An Clár | Inis |

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

| Teorainneacha Réigiúnacha agus Rannacha mar atá | | Teorainneacha Réigiúnacha agus Rannacha Beartaithe | |
|---|---|---|---|
| **Réigiún an Oirdheiscirt** | **Ceannáras Réigiúnach** | **Réigiún an Oirdheiscirt** | **Ceannáras Réigiúnach** |
| | Cill Chainnigh | | Cill Chainnigh |
| **Roinn** | **Ceannáras Rannach** | **Roinn** | **Ceannáras Rannach** |
| Phort Láirge/Chill Chainnigh | Port Láirge | Port Láirge *(Roinn Nua)* | Port Láirge *(Ceannáras Rannach mar atá)* |
| Loch Garman/Cill Mhantáin | Loch Garman | Loch Garman *(Roinn Nua)* | Loch Garman *(Ceannáras Rannach mar atá)* |
| Tiobraid Árann | Durlas Éile | Tiobraid Árann | Durlas Éile |
| | | Ceatharlach / Cill Chainnigh *(Roinn Nua)* | Cill Chainnigh *(Ceannáras Rannach nua)* |
| **Réigiún an Deiscirt** | **Ceannáras Réigiúnach** | **Réigiún an Deiscirt** | **Ceannáras Réigiúnach** |
| | Sr. Anglesea, Cathair Chorcaí | | Sr. Anglesea, Cathair Chorcaí |
| **Roinn** | **Ceannáras Rannach** | **Roinn** | **Ceannáras Rannach** |
| Corcaigh Thuaidh | Mainistir Fhear Maí | Corcaigh Thuaidh | Mala *(Ceannáras Rannach nua)* |
| Cathair Chorcaí | Sráid Anglesea, Cathair Chorcaí | Cathair Chorcaí [1] | Sráid Anglesea, Cathair Chorcaí |
| Corcaigh Thiar | Droichead na Bandan | Corcaigh Thiar | Droichead na Bandan |
| Ciarraí | Trá Lí | Ciarraí | Trá Lí |
| Luimneach | Sr. Anraí | Luimneach | Sr. Anraí |
| **Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath** | **Ceannáras Réigiúnach** | **Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath** | **Ceannáras Réigiúnach** |
| | Cearnóg Fhearchair | | Cearnóg Fhearchair |
| **Roinn** | **Ceannáras Rannach** | **Roinn** | **Ceannáras Rannach** |
| RCBAC Thuaidh | Seantrabh | RCBAC Thuaidh *(Ailínfear Ceantar Bhaile Brigín go buan le Roinn Lú/An Mhí mar atá mar chuid de RCBAC Thuaidh le linn 2008.)* | Seantrabh |
| RCBAC Theas | Croimghlinn | RCBAC Theas | Croimghlinn[3] |
| RCBAC Thoir | Dún Laoghaire | RCBAC Thoir *(Ailíneofar Ceantair Bhré go buan ó Cheantar RCBAC Thoir go Roinn Chill Mhantáin le linn 2008).* | Dún Laoghaire |
| RCBAC Thiar | Baile Bhlainséir | RCBAC Thiar | Baile Bhlainséir |
| RCBAC Lár Theas | Sráid an Phiarsaigh | RCBAC Lár Theas | Sráid an Phiarsaigh |
| RCBAC Lár Thuaidh | Sráid Stórais | RCBAC Lár Thuaidh | Sráid Stórais |
| RCBAC Trácht | Caisleán BAC | RCBAC Trácht | Caisleán BAC |

[1] Dúnfar Stáisiúin Gharda Bhóthar Mhala agus Bhóthar an Ráschúrsa (Corcaigh) agus déanfar Stáisiún Garda nua díobh i nDubh Linn (Corcaigh)

[2] I bhfianaise athruithe déimeagrafacha agus infrastruchtúracha agus chun críocha ailíniú leis na ceithre limistéar údarás áitiúil, déanfar scrúdú de Ranna agus Ceantair laistigh de RCBAC i 2008.

[3] Brostófar an t-aistriú beartaithe de Cheannáras Rannach RCBAC Theas ó Chroimghlinn go Tamhlacht le linn 2008

PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

| | TIONSCADAIL EAGRAÍOCHTÚLA | Tréimhse Ama Spriocaimsithe | | | | Úinéir |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | R1 | R2 | R3 | R4 | |
| | **Tionscadail TFC** | | | | | |
| 1 | Córas Uathoibrithe Aithint Méarloirg (AFIS)<br>*Céim II tugtha chun críche* | √ | | | | Coimisinéir Cúnta<br>Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta |
| | *Céim III* | | | √ | | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| | *Céim IV* | | | √ | | |
| 2 | Bunachar DNA<br>*Ullmhúchán le haghaidh bunú* | √ | | | | Coimisinéir Cúnta<br>Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta |
| 3 | Córas Uathoibrithe Imscrúdú Bailistíochta (ABIS)<br>*Roll Amach Náisiúnta* | | | √ | | Coimisinéir Cúnta<br>Seirbhísí Náisiúnta Tacaíochta<br>Coimisinéir Cúnta Straitéis |
| 4 | Mórchóras Bainistiú ar Imscrúdú (MIMS)<br>*Roll Amach Náisiúnta* | | | √ | | Leas-Choimisinéir<br>Straitéis agus Bainistiú ar Athrú |
| 5 | Uathaithint Plátaí Clárúcháin (ANPR)<br>*RFT eisithe* | √ | | | | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| | *An córas a shuiteáil i bhfeithiclí* | | | √ | √ | |
| 6 | Córas Bainistíochta Maoine agus Taispeántán (PEMS) | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta<br>Réigiún an Oirdheiscirt |
| 7 | Roll Amach Ríomhphoist<br>*Treoirscéim imlonnaithe* | √ | | | | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| 8 | Schengen<br>*RFT eisithe* | √ | | | | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| | *Meastóireacht* | | √ | | | |
| | *Comhrá conartha agus tionscnamh tionscadail* | | | √ | | |
| 9 | Foinsiú Allamuigh Ceamaraí Sábháilteachta<br>*Idirbheartaíochtaí Conartha* | √ | | | | Coimisinéir Cúnta<br>Trácht |
| | *Roll amach an chórais* | | | √ | √ | |
| | **Cumarsáid Raidió Digitigh** | | | | | |
| 10 | Córas Digiteach Raidió Náisiúnta (NDRS)<br>*Inimirce DMR* | | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis<br>Coimisinéir Cúnta RCBAC |

 PLEAN PÓILÍNEACHTA 2008

| | TIONSCADAIL EAGRAÍOCHTÚLA | Tréimhse Ama Spriocaimsithe | | | | Úinéir |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | R1 | R2 | R3 | R4 | |
| **11** | Seoladh Ríomhchuidithe (CAD)<br>*Tuarascáil meastóireachta tugtha chun críche* | | √ | | | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| | *Idirbheartaíochtaí Conartha* | | | √ | | |
| | *Tionscnamh tionscadail* | | | | √ | |
| **12** | Straitéis Sheomra Rialaithe<br>*Forbairt Seomraí Rialaithe* | | | √ | √ | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| | **Bainistíocht Daonacmhainní** | | | | | |
| **13** | Sibhialtú post Gardaí a bhrostú | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta<br>Bainistíocht Daonacmhainní |
| **14** | 1,100 Oiliúnaí Garda a earcú | √ | √ | √ | √ | |
| **15** | 270 Garda Cúltaca a earcú | √ | √ | √ | √ | |
| **16** | An Straitéis Shláinte Cheirde a chur chun feidhme | √ | √ | √ | √ | |
| **17** | Ionad Sármhaitheasa a Fhorbairt, Droim Ard, Co. Thiobraid Árann | √ | √ | √ | √ | |
| **18** | Dámh Oiliúna Coireachta a Fhorbairt | √ | √ | √ | √ | |
| **19** | Dhá Raon mhodúlacha a shuiteáil agus a thabhairt isteach | √ | | | | |
| | **Cóiríocht** | | | | | |
| **20** | Riachtanais Chóiríochta Straitéiseacha<br>*Tuairisc tugtha chun críche* | | √ | | | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| | **Córais iompair** | | | | | |
| **21** | Straitéis Iompair<br>*Foinsiú Allamuigh Chothabháil an Fhlít* | √ | √ | √ | √ | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| | **Eile** | | | | | |
| **22** | Samhail Fáis Ghnóthachtála | √ | √ | | | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| | *Forbairt Samhail Fáis Ghnóthachtála*<br>*Curchun feidhme* | | | √ | √ | |
| **23** | Rialacháin Chaimiléireachta agus Míchleachtais 2007<br>*Cairt Intinn Mhaith scaipthe* | √ | | | | Coimisinéir Cúnta<br>Bainistíocht Daonacmhainní |
| **24** | Cairt an Gharda<br>*Tús curtha le Cairt an Gharda* | | | √ | √ | Coimisinéir Cúnta<br>Straitéis |
| **25** | Athbhreithniú ar Chleachtais Riaracháin<br>*Tús curtha le hathbhreithniú agus é críochnaithe* | | √ | | | Príomhoifigeach Riaracháin |
| | *Cleachtais leasaithe aontaithe ag lucht bainistíochta sinsearach* | | | √ | | |
| | *Treoirscéimeanna de chleachtais agus struchtúir leasaithe* | | | √ | | |

 